An Coimisiún Eorpach



# Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

An Eoraip a dhéanamh níos cothroime agus níos sóisialta

#SocialRights

*Eoraip Shóisialta*

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2018

© An tAontas Eorpach, 2018
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).
Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Íomhanna © Shutterstock, seachas i gcás ina sonrófar.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-79-80458-8 | doi:10.2767/17658 | KE-01-18-212-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-79-80445-8 | doi:10.2767/73278 | KE-01-18-212-GA-N |

# Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

An Eoraip a dhéanamh níos cothroime agus níos sóisialta
#SocialRights

# Céard é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta?



Leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta 20 prionsabal le haghaidh Aontas Eorpach (AE) níos cothroime agus níos ionchuimsithí.

Trí Bhallstáit a aontú agus a threorú maidir le conas an saol laethúil, fostaíocht agus leas a fheabhsú, tá tairbhe le baint ag saoránaigh as an gColún agus tá sé go maith d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe.

Áirítear ann toil phoiblí agus pholaitiúil athnuaite chun cearta sóisialta a neartú ag am ina bhfuil imní maidir le hobair, le héagothroime agus le hathrú déimeagrafach sa todhchaí. Leagtar amach sa Cholún cearta d'oibrithe i bhfoirmeacha fostaíochta nua, agus forbhásacha níos minice ná a mhalairt.

Tá an Colún á sheachadadh ag an AE agus ag na Ballstáit i dteannta le — comhpháirtithe sóisialta, réigiúin, cathracha agus an tsochaí shibhialta.



# Do chearta i do shaol laethúil

“

Is ionann fógairt Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta, agus tosaíochtaí sóisialta a chur ag croílár na hEorpa, an áit ba cheart dóibh a bheith.

**Marianne Thyssen**
An Coimisinéir Eorpach um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta, Scileanna agus Soghluaisteacht Oibrithe



ec.europa.eu/social/social-pillar

© tAontas Eorpach

# Giulia agus Francesco



"Tá gníomhaireacht eastáit réadaigh agam agus le cúpla bliain anuas táim i mbun athmhachnaimh ar an modh oibre atá againn. Tá aip againn, eagraímid cuairteanna fíorúla … úsáidimid néalteachtaireachtaí agus teachtaireachtaí meandracha. Tá modh oibre iomlán difriúil agam anois ná mar a bhí nuair a thosaigh mé ar dtús."

**Giulia**
Fiontraí, 45 bliana d'aois, an Iodáil

"Bhí mé ag obair mar chúntóir riaracháin Giulia ach bhí fonn athraithe orm agus bhí mé ag iarraidh a bheith lánpháirteach i bhforbairt na gníomhaireachta. D'oibrigh mé go páirtaimseartha ar feadh 2 bhliain ionas go bhféadfainn tabhairt faoi chúrsa i dteicneolaíochtaí cumarsáide nua. Anois táim freagrach as láithreán gréasáin agus meáin shóisialta na gníomhaireachta."

**Francesco**
Bainisteoir Inneachair, 32 bhliain d'aois, an Iodáil

Ciallaíonn **Eoraip Shóisialta**:

- an ceart chun **cóir chomhionann agus chóir** a thabhairt d'oibrithe maidir lena ndálaí oibre;
- rochtain a thabhairt d'oibrithe ar chosaint shóisialta agus **oiliúint**, is cuma faoi chineál agus fad an chaidrimh fostaíochta;
- tacú le hoibrithe aistriú ó fhostaíocht shealadach go **conarthaí buana**;
- **foirmeacha nuálacha oibre** a chur chun cinn ar mhaithe le dálaí oibre ar an gcaighdeán is airde a chinntiú;
- fiontraíocht agus féinfhostaíocht a spreagadh (ba cheart d'fhostóirí tacú le **soghluaisteacht ghairmiúil** freisin);
- caidreamh fostaíochta a chosc a bhféadfadh **dálaí oibre forbhásacha** a bheith mar thoradh leo (lena n áirítear cosc a chur ar mhí-úsáid conarthaí neamhthipiciúla).

# Koen

“Táim díreach críochnaithe leis an scoil agus táim ag cuardach poist. Tá siondróm *Down* agam ach ní chiallaíonn sé sin nach féidir liom a bheith ag obair mar phrintíseach meicneora. Le beagán tacaíochta, táim cinnte go n éireoidh liom.”

**Koen**
16 bliana d’aois, an Ísiltír



Ciallaíonn **Eoraip Shóisialta**:

- go bhfuil daoine óga i dteideal **oideachais, printíseacht nó tairiscint ar phost ar ardchaighdeán** laistigh de 4 mhí ó bheith dífhostaithe (faoin Scéim Ráthaíochta don Aos Óg);
- go bhfuil ceart ag daoine faoi chumas **tacaíocht ioncaim** a fháil chun maireachtáil le dínit;
- go bhfuil an ceart ag oibrithe chun **cosaint shóisialta leordhóthanach**.

# Mahika, Rasmus agus na páistí

“Nuair a rugadh an cúpla ní raibh dada ar domhan chomh tábhachtach leo, ach ag an am céanna níor theastaigh uaim féin ná Rasmus éirí as ár bpoist. A bhuíochas do chreat **cothromaíochta oibre is saoil** na Danmhairge, ní raibh orainn éirí as ár bpoist. Tá Rasmus ar saoire do thuismitheoirí, agus ag obair go páirtaimseartha, agus táimse ag obair ón mbaile dhá lá in aghaidh na seachtaine.”

**Mahika**
39 mbliana d’aois, an Danmhairg



Ciallaíonn **Eoraip Shóisialta**:

- go bhfuil an ceart ag tuismitheoirí agus ag cúramóirí chun saoire oiriúnach, **socruithe solúbtha oibre** agus rochtain ar sheirbhísí cúraim;
- go bhfuil an ceart ag oibrithe chun **pá cóir** ionas go mbeidh caighdeán maireachtála maith acu;
- go bhfuil an ceart chun **pá comhionann** ag mná agus ag fir go bhfuil an ceart chun oibre ar luach comhionann.

# Marek

“Bhí mé ag obair i rannóg díolacháin i monarcha déantúsaíochta ar feadh 7 mbliana. Sé mhí ó shin, rinne siad athstruchtúrú agus rinneadh oibrí iomarcach díom. Bhí sé deacair, ach thug mo chomhairleoir gairme go leor tacaíochta dom. D’inis sí dom conas sochair dhífhostaíochta a fháil agus anois táim i mbun na gcéad chéimeanna eile a phleanáil. Táim ag iarraidh cuideachta bia orgánach a bhunú, agus táim ag clárú chun cúrsa do ghnólachtaí nua-thionscanta a dhéanamh.”

**Marek**
40 bliain d’aois, Poblacht na Seice



Ciallaíonn **Eoraip Shóisialta**:

- go bhfuil an ceart ag oibrithe atá á ndífhostú chun **fios a bheith acu** maidir leis an gcúis agus tréimhse fógra réasúnta a fháil;
- go bhfuil an ceart ag cuardaitheoirí poist chun **tacaíocht phearsantaithe** chun obair, oiliúint nó deiseanna athcháiliúcháin a fháil;
- go bhfuil an ceart ag cuardaitheoirí poist chun **sochair dhífhostaíochta** leordhóthanacha a fháil ar feadh tréimhse réasúnta.

# Carmen

“Thaitin mo phost liom riamh agus d’éirigh liom saol gnóthach a bheith agam mar aon leis na páistí a thógáil agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail. D’athraigh gach rud nuair a bhí deacrachtaí agam le pian i mo dhroim deich mbliana ó shin.  Bhí an t ádh orm go raibh mé in ann post eile a fháil sa chuideachta nach raibh chomh dian ar mo chorp agus go bhféadfainn freastal ar sheisiúin fisiteiripe saor in aisce. Táim ar scor anois ach glacaim páirt i ngníomhaíochtaí spóirt do sheanóirí a bhíonn á n eagrú ag ár n ionad pobail áitiúil.”

**Carmen**
68 mbliana d’aois, an Spáinn



Ciallaíonn **Eoraip Shóisialta**:

- go bhfuil ceart ag oibrithe chun **timpeallacht oibre atá oiriúnaithe dá riachtanais ghairmiúla**;
- go bhfuil an ceart ag gach duine chun rochtain thráthúil ar **chúram sláinte ar ardchaighdeán, inacmhainne, coisctheach agus íceach**;
- go bhfuil an ceart ag gach duine chun **seirbhísí cúraim inacmhainne fadtéarmacha** ar chaighdeán maith;
- go bhfuil an ceart ag oibrithe agus ag daoine féinfhostaithe chun **pinsean leordhóthanach nuair a théann siad ar scor**.





# 20 ceart agus prionsabal

chun an Eoraip a dhéanamh níos cothroime agus níos sóisialta

# Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a 20 prionsabal

Baineann Colún Eorpach na gCeart Sóisialta le cearta nua agus níos éifeachtaí a bhaint amach do shaoránaigh. Tá 20 croíphrionsabal ann, bunaithe ar thrí chatagóir:

## Comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair

**01.** Oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil

**02.** Comhionannas inscne

**03.** Comhdheiseanna

**04.** Tacaíocht ghníomhach i gcomhair fostaíochta

## Dálaí oibre córa

**05.** Fostaíocht shlán agus inoiriúnaithe don oibrí

**06.** Pá

**07.** Faisnéis maidir le dálaí fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe

**08.** Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe

**09.** Cothromaíocht oibre is saoil

**10.** Timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá dea-oiriúnaithe don oibrí agus do chosaint sonraí

## Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta

**11.** Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí

**12.** Cosaint shóisialta

**13.** Sochair dhífhostaíochta

**14.** Ioncam íosta

**15.** Ioncam seanaoise agus pinsin

**16.** Cúram sláinte

**17.** Cuimsiú daoine faoi mhíchumas

**18.** Cúram fadtéarmach

**19.** Tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean

**20.** Rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha

## Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

### Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad Eolais “Europe Direct” ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

### Ar an bhfón nó le ríomhphost

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d’fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),

— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó

— le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

### Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://publications.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d’ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

### Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

KE-01-18-212-GA-N

Is féidir ár gcuid foilseachán a íoslódáil nó liostáil dóibh saor in aisce ag **http://ec.europa.eu/social/publications**

Is féidir an nuacht is déanaí faoin Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Uilechuimsitheacht a fháil go rialta ach liostáil don r-nuachtlitir Social Europe saor in aisce ag **http://ec.europa.eu/social/e-newsletter**

**Social Europe**

**EU_Social**

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-80445-8